TUARASCÁIL

ag

AN AIRE DLÍ, CIRT AGUS COMHIONANNAIS,

ALAN SHATTER T.D.
chuig
Tithe an Oireachtais

ar Fheidhmiú

na nACHTANNA UM AISTRIÚ DAOINE AR CUIREADH PIANBHREITH ORTHU,

1995 agus 1997

don tréimhse

1 Eanáir, 2011 - 31 Nollaig, 2011

(de réir Alt 11 den Acht)

RÉAMHRÁ

Brollach

1.0 Dhaingnigh Éire Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa ar Aistriú Daoine ar Cuireadh Pianbhreith Orthu tar éis an tAcht um Aistriú Daoine ar Cuireadh Pianbhreith Orthu, 1995 a cheadú agus a theacht i bfeidhm ar 1 Samhain, 1995. Soláthraíonn an tAcht bonn rachtaíochta i dtaca le hoibriú an Choinbhinsiúin idir Éire agus páirtithe eile don Choinbhinsiún.

Sholáthair an tAcht um Aistriú Daoine ar Cuireadh Pianbhreith Orthu (Leasú), 1997 d'aistriú isteach sa Stát daoine ar a ngearradh tréimhsí príosúnachta atá níos faide ná na pionóis uasta atá ceadaithe faoi dhlí na hÉireann i dtaca le coireanna comhchosúla.

Is í seo an seachtú Tuarascáil Bhliantúil déag, curtha faoi bhráid de réir Alt 11 den Acht 1995, a leagann amach mionsonraí maidir le cúrsaí a bhaineann le feidhmiú na nAchtanna i 2011.

Cuspóir an Choinbhinsiúin/Reachtaíochta

1.1 Soláthraíonn na hAchtanna um Aistriú Daoine ar Cuireadh Pianbhreith Orthu, 1995 agus 1997 meicníocht a cheadaíonn neamh-náisiúnaigh atá ag cur pianbhreithneanna isteach in Éirinn iarratais a chur isteach méid fágtha a bpianbhreitheanna a chur isteach ina dtíortha féin, nuair atá na tíortha sin i rannpháirtíocht do Chomhairle na hEorpa ar Aistriú Daoine ar Cuireadh Pianbhreith Orthu. Mar an gcéanna, d'fhéadfadh Éireannaigh atá i bpríosún thar lear ina leithéid sin de thíortha iarratas a chur isteach chun méid fágtha a bpianbhreitheanna a chur isteach in Éirinn.

Tá an Coinbhinsiún oscailte do Stáit lasmuigh den Eoraip agus tacaíonn an Rialtas beartas Chomhairle na hEorpa a spreagann Stáit an Coinbhinsiún a dhaingniú agus a fheidhmiú. Tá breis agus seasca stát ag feidhmiú an Choinbhinisiúin faoi láthair.

Is é beartas an Choinbhinsiúin, atá bunaithe ar bhreathnuithe daonnúla, na deacrachtaí atá ag príosúnaigh atá i bpríosún i dtíortha eachtracha a shárú, amhail easpa de theagmháil le gaolta agus difríochtaí i dteangacha agus i gcultúir. I dtaca leis seo, is beartas fadbhunaithe an Rialtais gur chóir, nuair is féidir, príosúnaigh a cheadú a bpianbhreitheanna a chur isteach cóngarach dá dteaghlaigh.

Soláthraíonn an Coinbhinsiún creat nóis imeachta dá leithéid d'aistrithe agus déantar iarracht meicníocht measartha a sholáthar a éascódh go tapa astriú de phríosúnaigh a cuireadh pianbhreith orthu. Leagtar amach sa Choinbhinsiún sé choinníoll a chaithfear a bheith

comhlíonta le hasitriú a chur i bhfeidhm agus leagtar na coinníollacha seo amach freisin sna hAchtanna um Aistriú Daoine ar Cuireadh Pianbhreith Orthu, 1995 agus 1997. Ba chóir tabhairt do d'aire, áfach, fiú sa chás go gcomhlíontar na coinníollacha go léir, nach bhfuil aon dualgas ar Stát iarratas aistrithe a cheadú. Cé nach n-éilíonn an Coinbhinsiún gur gá do stát iarrtha cúiseanna a thabhairtle ar maidir le comhaontú aistrithe a dhiúltú, soláthraíonn reachtaíocht na hÉireann, nuair is infheidhmithe agus le leas córa, go soláthrófar ráiteas a mhionsonraíonn cúiseanna diúltaithe don iarrthóir nó don stát iarrtha, de réir mar is cuí.

Is iad seo a leanas na coinníollacha is gá a chomhlíonadh:
1) meastar gur náisiúnach é an ciontóir sa Stát a bhfuil an t-aistriú á iarraidh chuige (an Stát riarthóireachta),
2) tá an t-ordú nó an breithiúnas faoina raibh an duine faoi phianbhreith ina ordú deiridh,
3) tá sé mhí ar a laghad le cur isteach sa phianbhreith, tráth a fuarthas iarratas an aistrithe,
4) ceadaíonn an duine faoi phianbhreith an t-aistriú,
5) an t-acht nó an t-easnamh a chomhdhéanann an choir, chomhdhéanfadh sé coir sa Stát riarthóireachta freisin, agus
6) ceadaíonn an dá Stát an t-aistriú.

Faoi théarmaí an Choinbhinsiúin, is gá don dá Stát atá páirteach san iarratas le haistriú a phróiseáil faisnéis a mhalartú faoin duine faoi phianbhreith le cinntiú go gcomhlíontar na coinníollacha thuas. Áirítear leis an bhfaisnéis seo cóip den bhreithiúnas cúirte agus cóip den dlí ar a bhfuil sé bunaithe, sonraí riaracháin phianbhreithe agus tuarascálacha leighis/sóisialta. Iarrtar tuarascálacha ón nGarda Síochána agus ó fhórsaí péas freisin chun cúinsí na córa a dhearbhú agus le cinntiú nach bhfuil aon chúiseamh amuigh i gcoinne an duine. I gcásanna nuair a chuir an príosúnach tréimhse an-fhada isteach cheana féin, d'fhéadfadh a lán ama a ghlacadh an fhaisnéis riachtanach go léir a aimsiú. Tá an próiseas seo riachtanach, áfach, le cinntiú go bhfuil gach páirtí (an ciontóir, an Stát a chuireann an phianbhreith agus an Stát riarthóireachta) go hiomlán ar an eolas faoi iarmhairtí dlí an aistrithe agus gur féidir le gach páirtí cinneadh eolach a dhéanamh. Ní mór cur in iúl don chiontóir i scríbhinn ina t(h)eanga féin iarmhairtí dlí an aistrithe.
Mar gheall ar chastacht an doiciméadaithe atá riachtanach le haistriú a chur i gcrích idir Stáit eile agus Éire, d'fhéadfadh an próiseas d'fhaisnéis a mhalartú go leor ama a ghlacadh.

Nuair a bhíonn duine faoi phianbhreith ag iarraidh aistriú isteach san urlámhas seo, faightear deimhniú dlí ó oifigigh dhlí an Stáit go mbeadh an choir a bhfuil an phianbhreith á cur isteach ina leith ina coir faoi dhlí na hÉireann. Nuair a cheadaigh gach páirtí aistriú, déantar iarratas chuig an Ard-Chúirt le haghaidh an bharúntais riachtanaigh le haistriú an duine a údarú ón

Stát a chuireann an phianbhreith, agus a p(h)ríosúnacht ina dhiaidh sin anseo. Déantar gach iarracht gach iarratas a phróiseáil chomh tapa agus is féidir, a fhad is go bhfuil an toiliú trí-rialaithe ann idir an dá Stát agus an duine faoi phianbhreith.

Dul chun cinn i 2011

1.2.1 Le linn na tréimhse cumhdaithe ag an tuarascáil seo aistríodh príosúnach amháin isteach sa Stát agus aistríodh aon phríosúnach déag amach as an Stát i 2011. San iomlán, aistríodh céad daichead a dó príosúnach chuig an urlámhas seo ó thar lear, agus aistríodh céad daichead a dó príosúnach amach as an tír seo ó tháinig an tAcht i bhfeidhm ar 1 Samhain 1995. Leanann mo roinn ar aghaidh lena comhoibriú le Coimisiún na hÉireann do Phríosúnaigh Thar Lear (ICPO) i dtaca le faisnéis a chur ar fáil ar iarratais.

IARRATAIS LE hAGHAIDH AISTRITHE GO hÉIREANN

Obair Próiseáilte i 2011

2.0 Mionsonraítear i dTábla "A" an obair phróiseáilte i 2011 maidir le hiarratais a fuarthas le haghaidh aistrithe isteach san urlámhas seo. I dteannta na n-iarratas a fuarthas i 2011 (fiche a hocht), áirítear seacht n-iarratas a bhí á mheas ó bhlianta roimhe.

Tábla A – Aistrithe Isteach – Obair Phróiseáilte i 2011

Líon na nIarratas a Fuarthas i 2011	28
Líon na nIarratas ó bhlianta roimhe beo ag tús 2011	11
Líon a Aistríodh i 2011	1
Líon a Diúltaíodh	5
Líon a Aistarraingíodh	0
Líon Measta Dúnta	1
Líon a eisíodh	0
Líon na nIarratas beo ag deireadh 2011 (féach Tábla D)	32

.
Fuarthas fiche a hocht iarratas le haghaidh aistrithe isteach san urlámhas seo i 2011. Sna hiarratais seo, tháinig naoi déag as an Ríocht Aontaithe, trí cinn as an Spáinn, beirt as an mBeilg, ceann amháin as Tuaisceart Éireann, ceann amháin as an Ísiltír, ceann amhain as Cósta Ríce agus ceann amháin as an Astráil.

Le linn na tréimhse atá cumhdaithe ag an tuarascáil seo, níor scaoil a Stát a chuireann an phianbhreith aon phríosúnaigh le linn próiseáil a n-iarratas.

Comparáidí le blianta roimhe

2.1 Fuarthas iomlán de cheithre chéad daichead a cúig iarratas le haghaidh aistrithe isteach sa Stát seo ó tháinig an tAcht i bhfeidhm i Samhain, 1995. Léiríonn Tábla "B" miondealú na n-iarratas seo de réir urlámhais agus bliana iarratais.

Tábla B – Aistrithe Isteach, Iarratas a Fuarthas

	1995 - 2000	*2001*	*2002*	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009	2010	2011	Iomlán
RA	**178**	**26**	**20**	**14**	**11**	**17**	**21**	**28**	**28**	**13**	**14**	**19**	**389**
SAM	**4**	**-**	**-**	**1**	**1**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**	**1**	**-**	**8**
Ceanada	**1**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**	**1**	**-**	**3**
Hong Cong	**1**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**
An Ghréig	**1**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**
Oileán Mhanann	**2**	**-**	**1**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**3**
An Spáinn	**4**	**-**	**-**	**-**	**-**	**2**	**-**	**1**	**1**	**1**	**1**	**3**	**13**
An Iodáil	**-**	**-**	**1**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**	**1**		**3**
Panama	**-**	**-**	**1**	**-**	**-**	**1**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**2**
An Ísiltír	**-**	**-**	**-**	**1**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**	**2**
An tSeapáin	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**	**-**	**1**	**-**	**-**	**1**	**-**	**-**	**3**
An Astráil	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**	**-**	**-**	**1**	**-**	**1**	**1**	**1**	**5**
Oileán na Tríonóide agus Tobága		**-**	**-**	**-**	**1**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**
An Ghearmáin	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**	**1**	**-**	**-**	**-**	**-**	**2**
Tuaisceart Éireann	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**	**-**	**-**	**1**	**1**	**3**
An Eilvéis	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**
Eacuadór	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**
Cósta Ríce	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**	**1**
An Bheilg											**1**	**2**	**3**
Iomlán	**191**	**26**	**23**	**16**	**15**	**20**	**23**	**34**	**29**	**19**	**21**	**28**	**445**

Aistrithe Isteach a Iomlánaíodh

2.2 Aistríodh iomlán de céad daichead a dó príosúnach isteach san urlámhas seo ó tháinig an tAcht i bhfeidhm i Samhain, 1995. Léiríonn Tábla "C" miondealú na bpríosúnach a aistríodh suas go deireadh 2011 de réir urlámhais agus bliana aistrithe.

Tábla C – Aistrithe Isteach a Iomlánaíodh

	1996 - 2000	*2001*	*2002*	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009	2010	2011	Iomlán
RA	**74**	**4**	**8**	**8**	**5**	**5**	**13**	**6**	**4**	**1**	**-**	**-**	**128**
SAM	**3**	**-**	**-**	**-**	**1**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**4**
Ceanada	**1**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**
Hong Cong	**1**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**
Oileán Mhanann	**1**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**
Panama	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**
An Spáinn	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**	**1**	**-**	**1**	**-**	**-**	**3**
An tSeapáin	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**
Tuaisceart Éireann	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**	**-**	**-**	**-**	**1**
An Iodáil	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**	**1**
Iomlán	**80**	**4**	**8**	**8**	**7**	**5**	**14**	**8**	**5**	**2**	**0**	**1**	**142**

Iarratais le haghaidh aistrithe isteach á meas ag deireadh 2011

2.3 Ag deireadh 2011, bhí tríocha a dó iarratas isteach faoi bhreathnú beo. Tá stádas na n-iarratas áirithe seo, a bhí ag céimeanna éagsúla breathnaithe (cuid acu níos faide chun tosaigh ná an chuid eile), liostaithe i dTábla "D". Fuarthas ceann amháin de na hiarratais bheo i 2009.

Tá páipéir Ard-Chúirte á bhfeitheamh i dtaca leis an iarratas amuigh ó 2009. D'iarr mé ar mo hoifigigh a chinntiú go bhfuil gach iarratas amuigh cómhlánaithe a luaithe is féidir agus go ndéantar gach iarracht i dtaca leis seo.

Tábla D – Aistrithe Isteach, Iarratais Bheo ag deireadh 2011

	Feidhmithe 2009	**Feidhmithe 2010**	**Feidhmithe 2011**	**Iomlán**
Ag feitheamh comhairle ó CSSO agus tuarascálacha eile			**9**	**9**
Ag feitheamh tuilleadh paipéar ón stát a chuireann an phianbhreith			**10**	**10**
Ceadaithe ag an Aire, toiliú le fáil ón gciontóir agus ón stát a chuireann an phianbhreith		**5**	**2**	**7**
Ag feitheamh toilithe ón bpríosúnach agus ó stát a chuireann an phianbhreith			**4**	**4**
Iarratas Ard-Chúirte	**1**	**1**		**2**
Barúntas Ard-Chúirte faighte				
Iomlán	**1**	**6**	**25**	**32**

IARRATAIS LE hAGHAIDH AISTRITHE AMACH AS ÉIRINN

Obair Phróiseáilte i 2011

3.0 Léiríonn Tábla "E" an obair a próiseáladh i 2011 maidir le hiarratais a fuarthas le haghaidh aistrithe amach as an urlámhas seo. Chomh maith leis na hiarratais a fuarthas i 2011 (trí cinn is fiche), cuimsítear iarratais (seacht gcinn is tríocha) a bhí beo ó bhlianta roimhe sin.

Tábla E – Aistrithe Amach, Obair Phróiseáilte i 2011

Líon na nIarratas a Fuarthas i 2011	**23**
Líon na nIarratas ó bhlianta roimhe sin, beo i dtús na bliana 2011	**37**
Líon na nIarratas a diúltaíodh	**7***
Líon a Aistríodh	**11****
Líon a Aistarraingíodh / Measta a Dúnadh	**7**
Líon a Scaoileadh	**3**
Líon na nIarratas beo ag deireadh 2011 (Féach Tábla H)	**32**

**Cúig iarratas a lóisteáladh i 2010 agus dhá iarratas a lóisteáladh i 2011 san áireamh.*
***Trí iarratas a lóisteáladh i 2009 agus ocht n-iarratas a lóisteáladh i 2010 san áireamh.*

Fuarthas fiche a trí iarratas nua (ceithre athiarratas san áireamh) le haghaidh aistrithe amach as an urlámhas seo i 2011; trí cinn déag chuig an Ríocht Aontaithe, dhá cheann go Tuaisceart Éireann, dhá cheann chun na Rómáine, dhá cheann go hAlbain agus ceann amháin chun na hÍsiltíre, chun na hAlbáine, chun na Gearmáine agus chun na Gearmáine faoi seach.

Aistríodh aon phríosúnach déag amach as an urlámhas i 2011; ochtar chuig an Ríocht Aontaithe, duine amháin chun na hÍsiltíre, duine amháin chun na Liotuáine agus duine amháin chun na Bulgáire. Lóisteáladh ocht gcinn de na hiarratais i 2010 agus trí cinn acu i 2009.

Diúltaíodh seacht n-iarratas san iomlán i 2011. Diúltaítear go príomha do na hiarratais mar gheall ar laghdú mór pianbhreithe, mar gheall ar rátaí eisréimnithe laghdaithe, atá faighte ag iarratasóirí i ndiaidh dóibh aistriú a fháil, nó má tá fianaise ar bith ann nach mbeadh cónaí ar an iarratasóir de ghnáth san urlámhas ina bhfuil a (h)aistriú bunaithe.

As na seacht ndiúltú, is iad Údaráis na Ríochta Aontaithe a dhiúltaigh do cheathrar acu, Údaráis na hAstráile a dhiúltaigh do cheann amháin agus Údaráis na hÍsiltíre a dhiúltaigh do

cheann amháin. Dhiúltaigh an roinn seo d'iarratas amháin mar gheall ar laghdú na pianbhreithe a bheadh ag an iarratasóir i stát na pianbhreithe.

Measadh go raibh seacht n-iarratas aistarraingte nó dúnta (ceithre cinn aistarraingte agus trí cinn dúnta) le linn phróiseas a n-iarratas i 2011. As na cinn a measadh dúnta, measadh go raibh dhá cheann acu dúnta mar gheall ar easpa cáipéisíochta nó easpa freagra ó Stát na pianbhreithe agus dúnadh iarratas amháin mar gheall ar imeachtaí reatha i leith an phríosúnaigh. Aistarraingíodh na ceithre iarratas eile mar gheall ar achainí ón bpríosúnach.

Comparáidí le blianta roimhe

3.1 Ag ndeireadh na bliana, bhí trí chéad ochtó a ceathair iarratas faighte le haghaidh aistrithe amach as an urlámhas seo ó cuireadh an tAcht i bhfeidhm i mí na Samhna,1995. Léiríonn Tábla "F" miondealú de na hiarratais de réir urlámhais agus de réir na bliana iarratais.

Tábla F – Aistrithe Amach, Iarratais a Fuarthas.

	1995 - 2000	*2001*	*2002*	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009	2010	2011	Iomlán
RA	**56**	**11**	**9**	**12**	**10**	**11**	**12**	**8**	**15**	**22**	**24**	**13**	**203**
TÉ	**38**	**9**	**6**	**2**	**-**	**1**	**2**	**4**	**3**	**3**	**11**	**2**	**81**
An Fhrainc	**1**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**
An Ghearmáin	**3**	**1**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**	**-**	**-**	**1**	**6**
An Ísiltír	**3**	**1**	**-**	**4**	**-**	**1**	**3**	**9**	**4**	**2**	**5**	**1**	**33**
An tSualainn	**1**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**		**1**
Albain	**2**	**2**	**2**	**2**	**-**	**-**	**-**	**2**	**-**	**-**	**1**	**2**	**13**
Ceanada	**1**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**		**1**
An Bheilg	**1**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**	**-**	**-**		**2**
An Iodáil	**1**	**-**	**1**	**1**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**		**3**
An Spáinn	**1**	**1**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**2**	**1**		**5**
An Phortaingéil	**-**	**-**	**-**	**1**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**	**-**	**1**	**1**	**4**
An Albáin		**-**	**-**	**-**	**1**	**1**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**	**3**
SAM	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**	**-**	**-**	**-**	**-**		**1**
An Liotuáin	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**2**	**-**	**3**	**2**		**7**
An Laitvia	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**3**	**-**	**-**	**1**		**4**
An Pholainn	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**4**	**2**	**2**		**8**
Poblacht na Seice	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**	**1**	**-**		**2**
An Mholdóiv	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**	**-**		**1**
An Bhulgáir	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**		**1**
An Eilvéis	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**		**1**
An Rómáin	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**2**	**2**
An Astráil	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**	**-**	**1**
Iomlán	**108**	**25**	**18**	**22**	**11**	**14**	**18**	**28**	**30**	**36**	**51**	**23**	**384**

Aistrithe Amach Iomlánaithe

3.2 Tá céad daichead a dó príosúnach tar éis aistriú amach as an urlámhas seo ó cuireadh an tAcht i bhfeidhm i mí na Samhna, 1995. Léiríonn Tábla "G" miondealú de lion na bpríosúnach a aistríodh go dtí seo de réir urlámhais agus de réir na bliana aistrithe.

Tábla G – Aistrithe Amach Iomlánaithe.

	1996-2000	*2001*	*2002*	*2003*	*2004*	*2005*	*2006*	*2007*	*2008*	*2009*	*2010*	*2011*	*Iomlán*
RA	**15**	**5**	**4**	**7**	**4**	**3**	**12**	**8**	**2**	**8**	**12**	**8**	**88**
Tuaisceart Éireann	**20**	**1**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**	**2**	**-**	**2**	**1**	**-**	**27**
An tSualainn	**1**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**
An Ísiltír	**1**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**	**3**	**7**	**3**	**2**	**1**	**18**
An Ghearmáin	**-**	**1**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**
Albain	**-**	**-**	**-**	**1**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**	**-**	**-**	**-**	**2**
SAM	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**
An Pholainn	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**	**-**	**-**	**1**
An Spáinn	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**	**-**	**-**	**1**
An Liotuáin	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**	**1**
An Bhulgáir	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**	**1**	**1**
Iomlán	**37**	**7**	**4**	**8**	**4**	**3**	**14**	**14**	**10**	**15**	**15**	**11**	**142**

Iarratais le haghaidh aistrithe faoi bhreithiúnas ag deireadh 2011

3.3 I ndeireadh na bliana 2011, bhí trí iarratas is tríocha beo faoi bhreithiúnas. Liostaítear na hiarratais seo i dTábla "H**".** Bhí deich n-iarratas ag staideanna éagsúla ullmhúcháin le haghaidh
seachadta chuig na stáit tuartha fála. Ní foláir roinnt tuarscálacha a chur i dtoll a chéile le seachadh leis an iarratas foirmeálta, chuig na hurlámhais eachtrannacha atá i gceist. Bhí dhá iarratas déag ag feitheamh le breithiúnas ó na stáit fála agus bhí aon iarratas déag ag céimeanna deiridh an phróisis.

Tábla H – Aistrithe Amach, Iarratais Bheo ag deireadh 2011

	Iomlán
Réamhscrúdú na Roinne	**10**
Cinneadh le teacht ón Stát fála	**12**
Céimeanna deiridh an phróisis	**11**
Iomlán	**33**

CONCLÚID

4.0 Mar ab amhlaidh an scéal sna blianta roimhe seo, fuarthas iarratais isteach agus amach ó dhaoine a bhfuil pianbhreith chinntithe agus neamhchinntithe orthu. Bhí éagsúlacht sna coireanna ó chás go cás agus, mar sin de, i bhfad na dtréimhsí pianbhreithe a bhí le caitheamh acu. I measc na gcoireanna bhí seilbh substainí rialaithe, ionsaí agus dúnmharú. Maidir le pianbhreith, gearradh idir dhá bhliain agus príosúnacht saoil orthu. Bhí difríocht idir rangú na n-iarratasóirí mar gheall ar dháiríreacht na coire agus fad na pianbhreithe a bhí fágtha acu. Measadh gach iarratas ar a bhuanna féin agus de réir ghnásanna agus riachtanais an Choinbhinsiúin.

Tá réimse nach beag i gceist fós maidir leis an achar ama chun iarratas a chomhlánú ó chás go cás mar gheall ar líon na ndoiciméad a bhfuil gá lena malartú idir an dá urlámhas le gur féidir iarratas a mheas ina iomláine. Déanann mo Roinn féin fós gach iarracht le cinntiú go ndéantar próiseáil ar gach iarratas a luaithe is féidir agus táim múiníneach go leanfar leis sin i 2012.

Fuair mo Roinn roinnt fiosrúchán le linn na bliana ó Éireannaigh atá i ngéibhinn thar lear, nó ó theaghlaigh na ndaoine seo, maidir le haistriú anseo. Sa chás go raibh siad i ngéibhinn i dtír ina raibh aistrithe príosúnach i bhfeidhm sa tír freisin faoin gCoinbhinsiún, bhí sé de nós ag mo Roinn scríobh chuig na húdaráis chuí sna hurlámhais sin le hachainí a dhéanamh go ndéanfaí an t-iarratas a phróiseáil. Scríobhadh chuig an bpríosúnach agus chuig an dteaghlach freisin agus cuireadh comhairle orthu maidir leis na cérimeanna áirithe atá i gceist chun iarratas a dhéanamh. A mhinice ab fhéidir, coinníodh na daoine a bhí i gceist ar an eolas maidir le dul chun cinn iarratas an aistrithe. I gcás amháin, níorbh fhéidir aistriú a dhéanamh ó tharla nach raibh stát na pianbhreithe mar chuid den Choinbhinsiún.

Ba mhaith liom aird a thabhairt ar an gcomhoibriú idir na húdaráis sna hurlámhais siúd a raibh teagmháil againn leo sna haistrithe seo, go háirithe na húdaráis sa Ríocht Aontaithe a raibh an mhórchuid d'aistrithe na bpríosúnach ag baint leo. Caithfidh mé aird a thabhairt freisin ar an gcomhoibriú le Coimisinéir an Gharda, le Príomhdhlíodóir an Stáit agus leis an Ard-Aighne agus lena gcuid foirne nárbh fhéidir príosúnaigh a aistriú isteach nó amach as Éirinn gan saineolas agus proifisiúntacht na ndaoine seo.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le Seirbhís Príosúnachta Éireann agus leis an tSeirbhís Phromhaidh mar gheall ar an inchur tábhachtach a bhíonn acu sa phróiseas.

Faoi dheireadh, ba mhaith liom dearbhú do bhaill an Oireachtais go leanfar le polasaí bunaithe mo Roinne maidir leis an gceist seo. Mar Aire, beidh mé fós toilteanach breith a dhéanamh ar iarratais ó phríosúnaigh anseo agus thar lear lena n-aistriú chun a n-urlámhais féin lena bpianbhreith a chomhlánú in aice a muintire agus a gcairde. Ag cloí le spiorad an choinbhinsiúin, creidim go gcabhróidh sé seo lena dtéarnamh sóisialta agus lena n-ath-chomhchathú isteach ina gcomhphobail féin, rud a bheidh ina leas ag gach duine. Mar sin de, táim muiníneach go bhfeicfear dul chun cinn amach anseo maidir leis an gceist thábhachtach seo sna blianta atá romhainn.

Alan Shatter, T.D.,

An tAire Dlí, Cirt agus Comhionannais

Aibreán 2012